# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 03:** *Mionphortráidí Teaghlaigh*



Miniature Portrait of a Gentleman, ealaíontóir neamhaithnid, uiscedhath ar pháipéar, 3.5cm x 2.8cm

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Is péintéireacht an-bheag í seo, mionphéintéireacht d'fhear, a rinne sa 19ú haois. Tá an chulaith is fearr atá aige á caitheamh aige, tá locaí clúmhacha aige agus tá a ghruaig cíortha go néata, ach níl a ainm ar eolas againn.

Rinneadh mionphéintéireachtaí roimh ré na grianghrafadóireachta, is péintéireachtaí iad ar féidir leat iad a leagan i do bhos. Ba é an nós a bhí ann mionphortráidí a thabhairt mar bhronntanas speisialta do bhall teaghlaigh. Bhíodh siad á gcoimeád i loicéad, clúdach uaireadóra nó bosca beag ionas gurbh fhéidir iad a iompar go héasca nuair a bhíodh daoine ag taisteal.

Bhíodh mionphortráidí á bpéinteáil ar eabhar atá déanta de starrfhiacail eilifinte, veilleam arb ionann é agus craiceann lao, miotal agus seanchártaí imeartha fiú! Thug mairnéalaigh agus saighdiúirí mionphictiúir díobh féin dá dteaghlaigh ionas go mbeadh siad in ann féachaint ar a dteaghlaigh nuair a bhíonn siad as baile.

## Seo Linn ag Súgradh!

An féidir leat ainm a roghnú dár gcara beag?

Tarraing teach an-bheag dár gcara beag!

An féidir leat seomraí beaga le troscán beag a shamhlú?

Ar mhaith leis leabhar beag a léamh nó pláta beag bídeach bia a bheith aige?

Samhlaigh teaghlach ár gcara beag bídeach, cé atá ina chónaí leis?

Samhlaigh an comhrá a bheidh aige lena theaghlach beag bídeach?

Cén cineál fuaime a dhéanann a ghuth beag?

Scríobh scéal beag faoin lá a bhí aige

An bhfuil peata teaghlaigh aige?



Portrait Miniature of Francis Roland as a Boy, uiscedhath ar eabhar le Frederick Buck (c.1820).

**Déan do theaghlach beag féin!**

An airíonn tú uait do sheanmháthair nó do sheanathair? Déan seantuismitheoir beag!

Glac grianghraf agus fiafraigh de dhuine fásta cabhrú leat é a sheoladh chucu, agus inis dóibh faoi na mionphortráidí.

Déan do mhionphortráid féin agus leag i mbosca cipíní solais. Maisigh an bosca le d'inisileacha agus roinn le do theaghlach.

**Laghdaigh do theaghlach: Déan mionphortráidí de do theaghlach!**

**Tá teaghlaigh iontach:** An féidir leat scéal beag a chumadh chun insint dúinn faoi do theaghlach iontach? Úsáid píosa páipéir nach bhfuil níos mó ná do lámh.

**Cuireann teaghlaigh olc orm:** Samhlaigh gur ainmhithe beaga bídeacha iad do bhaill teaghlaigh ar féidir leat iad a chur i mbosca beag cipíní solais. Tarraing do bhaill teaghlaigh mar ainmhithe beaga, cén cineál ainmhithe a tharraingeofá?  Tarraing do theaghlach ainmhithe ag ithe bricfeasta nó ag breathnú ar an gclár teilifíse is fearr leat!

---

Ar mhaith leat níos mó mionphortráidí ónár mbailiúchán a fheiceáil? Cliceáil ar an táb 'Bailiúcháin' agus cuardaigh 'Mionphortráidí'!

Ná déan dearmad, is féidir leat na saothair atá cruthaithe agat mar chuid de Phictiúir faoi Chaibidil a roinnt linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.